GX890

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

DÁMHA NA NDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

SCRÚDUITHE AN CHÉAD SEIMEASTAR 2000

SCOIL NA GAEILGE

AN TRÍÚ BLIAIN AGUS AN CEATHRÚ BLIAIN

GAEILGE

AN CHÉAD PHÁIPÉAR

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Gearóid Denvir

Trí huaire an chloig a cheadófar
Freagair gach ceist
Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist

ROINN A: NG 332 Aiste (Creidmheas 2.5)

1. Scríobh aiste (**gan dul thar 3 lch**) ar ábhar amháin acu seo a leanas:

(a) Mian eígin i do chroí ba mhaith leat a chomhlíonadh sa todhchaí!

(b) Daoine a fhágann gach compord agus a théann ar obair charthanachta i dtíortha i gcéin.

(c) Athruithe móra an Tíogair Cheiltigh - tithe go spéir sna cathracha agus mórbhóithre ar fud na hÉireann!

(e) Dá mbeifeá féin i mbun an *Late Late Show* cén cineál aíonna a dtabharfá cuireadh dóibh teacht ar an gclár?

ROINN B: NG 353 Litríocht an 20ú hAois III (Creidmheas 2.5)

Nuafhilíocht

2. 'Gníomh misnigh agus dóchais atá san fhilíocht i saol an lae inniu, iarracht an ealaíontóra focal brí éigin a bhaint as an saol ina t(h)impeall.' Pléigh an ráiteas sin maidir le saothar **beirte** ar a laghad de na filí a ndearna tú staidéar orthu i mbliana. Déan comórtas agus codarsnacht idir saothar na bhfilí éagsúla a luann tú.

NÓ
'Bíodh is gur mór idir a saothar araon, is iad na cúraimí céanna ar deireadh thiar a thagann chun cinn i bhfilíocht Nuala Ní Dhomhnaill agus Liam Uí Mhuirthile.' Do thuairim faoin ráiteas sin.

NÓ
Déan cur síos agus plé ar thábhacht an dinnseanchais i saothar Nuala Ní Dhomhnaill agus Liam Uí Mhuirthile.

Nuachtáin agus Irisí na Gaeilge

3. Déan plé ar an tionchar a bhí ag cúrsaí polaitíochta agus cultúrtha sa 19ú haois ar Athbheochan na Gaeilge ag tagairt go háirithe do chúrsaí litearthachta agus foilsitheoireachta.

NÓ
Tabhair cuntas ar fhorbairt na **nuachtán** Gaeilge ó 1940 go dtí an lá inniu, ag plé na bhfadhbanna agus na ndeacrachtaí a bhain leis an bhforbairt seo agus ag tagairt d'ábhar na nuachtán féin.

NÓ
Déan plé ar thábhacht na bhfoilseachán Meiriceánach sa 19ú haois i scéal Athbheochan na Gaeilge, ag tagairt go háirithe do na colúin Ghaeilge ar fhoilseacháin Bhéarla i Meiriceá agus don iris *An Gaodhal*.

NÓ
Déan plé ar ionad na n-irisí Gaeilge/dátheangacha i scéal fhorbairt na nualitríochta Gaeilge **agus** i bhforbairt na léirmheastóireachta ar an litríocht sa teanga sin.